# CEACHT 1.




## CUR SÍOS AR AN CHEACHT

Sa chéad cheacht sa mhodúl, tabharfar buneolas do na daltaí ar na tosca sóisialta, polaitiúla agus cultúrtha a chuaigh i bhfeidhm ar Éirinn roimh 1916 le cúlra staire Éirí Amach na Cásca a fhiosrú. Tá breac-chuntas sa cheacht ar na teannais pholaitiúla a bhain le tabhairt isteach an Rialtais Dúchais in 1912. Léirítear gur cloch choirnéil a bhí i ngéarchéim an Rialtais Dúchais a raibh Éirí Amach na Cásca mar thoradh uirthi.

| CUSPÓIRÍ AN CHEACHTA | TORTHAÍ AN CHEACHTA |
|---|---|
| 1. Plé a dhéanamh ar an réimse dearcthaí agus taithí a chuaigh i bhfeidhm ar thuairimí agus ghníomhaíochtaí polaitiúla.<br>2. Bunús ghéarchéim an Rialtais Dúchais in 1912 a mhíniú agus achoimre a dhéanamh ar na freagairtí uirthi.<br>3. Meáin dhigiteacha a úsáid le tuiscint a léiriú ar athruithe polaitiúla an ama sin. | • Bheith ábalta na rudaí seo a phlé: mar a d'athraigh géarchéim an Rialtais Dúchais nádúr ghluaiseachtaí polaitíochta an náisiúnachais agus an aontachais araon, agus mar a tharraing an ghéarchéim eachtraí 1916.<br>• Úsáid a bhaint as scileanna TFC le tuiscint ar an topaic a chur in iúl. |

| BILEOGA EOLAIS AGUS TREORACHA | DIGITEACH | BOGEARRAÍ | CRUA-EARRAÍ |
|---|---|---|---|
| • Eochairfhaisnéis Cheacht 1<br>• Tascleathán M4L1<br>• Scéalchlár do Chruthú Greannáin<br>• Leathán Dearaidh d'Íomháú Digiteach | • Áiseanna Breise Molta | • Bogearraí Cruthaithe Greannán m.sh. Comic Life<br>• Bogearraí Eagarthóireacht Íomhánna m.sh. GIMP | • Clár Bán<br>• Ríomhairí / ríomhairí glúine |




| GNÍOMHAÍOCHT | TORTHAÍ FOGHLAMA |
|---|---|
| **Tús** - Seinn ***Áiseanna Breise Molta 4*** ón Eochairfhaisnéis. Cuirfidh an bheochan míniú ar fáil do na daltaí ar Chúnant Uladh. | Tabharfaidh an bheochan tuiscint do na daltaí ar chur i gcoinne na n-aontachtaithe i leith Rialtas Dúchais agus feidhmeoidh sí mar thús eolais ar chuid den fhaisnéis a phléifear sa cheacht. |
| **Beidh rogha gníomhaíochtaí ag múinteoirí ón Eochairfhaisnéis le spéis na ndaltaí a spreagadh.**<br><br>Thiocfadh le múinteoirí an rang a scoilt ina ghrúpaí agus iarraidh ar na daltaí na pointí plé a úsáid le gnéithe den Eochairfhaisnéis a phlé. Ansin roinnfidh na daltaí na rudaí a phléigh siad leis an rang.<br><br>De rogha air sin, thiocfadh le múinteoirí na Ceisteanna/Tascanna a úsáid do phlé grúpa nó le heolas daoine aonair a thástáil.<br><br>Tugann an Tasc Malartach deis do na daltaí bheith ag obair i ngrúpaí le cur i gcoinne na n-aontachtaithe i leith Rialtas Dúchais a thaighde agus a phlé, agus le cuntas gairid a dhéanamh ar thriúr de phríomhphearsana polaitiúla na linne.<br><br>***Más féidir, lig do na daltaí an topaic a thaighde ar an idirlíon – áiseanna breise molta/inneall cuardaigh.*** | Tá an Eochairfhaisnéis ceaptha an fhaisnéis sa topaic a chlúdach agus na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh.<br><br>Tá na ceisteanna plé ar an Eochairfhaisnéis ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh leis an idirghníomhaíocht agus le C&F.<br><br>Tá na ceisteanna ar an bhileog eolais ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh as na daltaí an fhaisnéis a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.<br><br>Ba cheart go dtabharfadh na gníomhaíochtaí éagsúla deiseanna foghlama do na daltaí agus iad ag idirghníomhú. Déanfaidh na gníomhaíochtaí eolas a dhaingniú agus plé a spreagadh fosta. |
| **Plé iomlánach** – pléigh le daltaí na fáthanna ar chuir aontachtaithe in éadan Rialtas Dúchais agus cé acu a bhí a seasamh inchosanta nó nach raibh. | Díreoidh an plé iomlánach ar chur i gcoinne na n-aontachtaithe i leith Rialtas Dúchais agus iarrfar ar na daltaí na fáthanna leis an chur i gcoinne a mheas. |

EOCHAIR FHAISNÉIS 1.

# ROIMH AN RÉABHLÓID

## ÉAGSÚLACHT NA nDEARCTHAÍ

I dtús an fichiú haois, bhí roinnt gluaiseachtaí éagsúla polaitíochta gníomhach in Éirinn, agus bhí cuspóirí agus idéanna ag gach ceann acu maidir leis an todhchaí ab fhearr don tír.

Sa tréimhse i ndiaidh **Acht an Aontais**, d'fhorbair idéanna polaitiúla ar bhonn a thig linn a aithint sa lá atá inniu ann. Tháinig a lán Protastúnach ar an bharúil gurbh é an tAontas an dóigh ab fhearr leis an nasc leis an Bhreatain a choinneáil agus lena bpribhléidí sóisialta, eacnamaíocha agus creidimh a chosaint in Éirinn. De réir mar a d'fhás tionchar na gCaitliceach in Éirinn, tháinig eagla ar Phrotastúnaigh go mbeadh siad faoi mhíbhuntáiste i bParlaimint Éireannach ina mbeadh ceannas ag Caitlicigh. Sa tréimhse chéanna, de réir a chéile, thosaigh Caitlicigh a chur in éadan an Aontais leis an Bhreatain, ach ní raibh siad ar aon intinn faoin bhealach chun tosaigh.

| | |
|---|---|
| **NÁISIÚNAITHE BUNREACHTÚLA** | **daoine a bhí ag iarraidh an tAontas a leasú. Bhí siad ag iarraidh féinriail a fháil d'Éirinn, taobh istigh den Aontas, ar bhealach síochánta.** |
| **NÁISIÚNAITHE RÉABHLÓIDEACHA** | **daoine a chreid i bpoblacht neamhspleách, í bainte amach leis an fhorneart, dá mba ghá.** |

D'fhorbair an tAontachas agus an Náisiúnachas araon i ndiaidh Acht an Aontais mar fhreagairt ar threallús méadaithe na gCaitliceach agus a n-éileamh ar fhéinriail a bhí ag dul i méid.

Le linn an ama seo, bunaíodh roinnt gluaiseachtaí polaitiúla mar gheall ar chúiseanna imní eile:

- d'éiligh ceardchumannaithe cearta breise agus pá agus coinníollacha ní b'fhearr d'oibrithe;
- bhí feachtas ar siúl ag mná leis an vóta a fháil agus lena bheith ní ba ghaire de bheith ar comhchéim leis na fir;
- bhí sóisialaithe ag iarraidh dálaí maireachtála gnáthdhaoine a fheabhsú ar mhodhanna daonlathacha agus réabhlóideacha araon.

**CAD É AN RUD É ACHT AN AONTAIS?**

Ritheadh Acht an Aontais in 1800 de thoradh ar éirí amach na nÉireannach Aontaithe in 1798. Chuir sé deireadh le Parlaimint na hÉireann agus chruthaigh sé "Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann", ríocht nua.

**1.))) PLÉ**

**Cuir tuairimí agus cuspóirí na ngrúpaí seo uilig – Aontachtaithe, Náisiúnaithe, Ceardchumannaithe, Mná, Sóisialaigh – i gcomparáid leo seo atá ann inniu. An bhfuil aon chosúlachtaí ann? Difríochtaí? Ar athraigh cuid mhór rudaí? Ar fhan cuid mhór rudaí mar a bhí?**

## GÉARCHÉIM AN RIALTAIS DÚCHAIS

Bheadh Éirí Amach 1916 doshamhlaithe murach dhá eachtra a tharla go tobann agus gan choinne: Géarchéim an Rialtais Dúchais agus an Cogadh Mór.

**TRÍ GHRÚPA AR TÍ DUL IN ADHARCA LENA CHÉILE: AN IPP, AONTACHTAITHE ULADH, AGUS PARLAIMINT NA BREATAINE**

| CÉ? | RIALTAS DÚCHAIS? |
|---|---|
| Bunaíodh Páirtí Parlaiminteach na hÉireann (IPP) in 1882. Bhí suíocháin ag a Fheisirí (MPs) ag Teach na dTeachtaí ag Westminster agus ba é John Redmond an ceannaire ó 1900. | Mórchuspóir amháin a bhí ag an IPP: Rialtas Dúchais. Thabharfadh seo foirm theoranta d'fhéinriail d'Éirinn taobh istigh de stát na Ríochta Aontaithe (cosúil leis na cumhachtaí atá ag feidhmeannas Thuaisceart Éireann an lae inniu).<br>Feisirí náisiúnacha Éireannacha a bhí sa pháirtí. |
| Cuireadh Comhairle Aontachtaithe Uladh ar bun in 1905 mar chineál Parlaimint Ultach d'Aontachtaithe. | Bhí Aontachtaithe in éadan Rialtas Dúchais mar go gcruthódh sé parlaimint i mBaile Átha Cliath a bheadh ina bagairt ar a bhféiniúlacht chultúrtha agus ar an Aontas. |
| Faoi Acht an Aontais 1800, bunaíodh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann. Bhí Parlaimint na Breataine lonnaithe in Westminster, Londain, agus rinne sí gach cinneadh faoi rialú na Breataine Móire agus na hÉireann. | Bhí an Páirtí Liobrálach (an páirtí ba mhó in Westminster) báúil le feachtas Pháirtí na hÉireann ar son Rialtas Dúchais. Bhí dhá Bhille Rialtas Dúchais tugtha isteach acu cheana – in 1886 agus in 1893 – ach diúltaíodh don bheirt acu ag pointí éagsúla sa phróiseas pharlaiminteach. |

In 1905, léirigh bunú Chomhairle Aontachtaithe Uladh go raibh an t-aontachas ag éirí ní ba dhaonlathaí, gur mhó an tóir a bhí ag gnáthdhaoine air agus go raibh sé ní ba fhréamhaithe i gCúige Uladh. D'éirigh an tAontachas ní ba mhíleataí agus ní ba sheictí fosta de réir mar a mhéadaigh ar thábhacht eagraíochtaí pobail amhail an tOrd Oráisteach sa ghluaiseacht. Bhí samplaí de leatrom ar Chaitlicigh in Ulaidh; mar shampla, cuireadh oibrithe Caitliceacha amach as longchlois Bhéal Feirste le linn tréimhsí de ghéarchéim pholaitiúil. Bhí círéibeacha coitianta sa chathair agus faoin tuath araon in Ulaidh de dheasca teannas seicteach agus na hiomaíochta do phoist agus d'acmhainní.

In 1911 bhí tacaíocht an IPP de dhíth ar an Pháirtí Liobrálach le rialtas úr a chur le chéile in Westminster. Tuigeadh gurbh é an Rialtas Dúchais an dóigh ab fhearr leis an tacaíocht sin a fháil. Mar gheall air sin, tugadh an tríú Bille Rialtas Dúchais isteach in 1912.





**Barr: John Redmond, ceannaire an IPP // Thíos: Sir Edward Carson, ceannaire Pháirtí Aontachtach Uladh (1910-21)**

**2.))) PLÉ**

**Cad chuige a chothaigh coincheap an Rialtais Dúchais an oiread sin imní i measc Aontachtaithe in Ulaidh?**







**Barr: Sir Edward Carson ag síniú Chúnant Uladh // Thíos: An UVF ar Lá Uladh**

## GÉARCHÉIM AN RIALTAIS DÚCHAIS: CUR I gCOINNE NA nAONTACHTAITHE

Bhí gach cosúlacht air ansin go mbainfeadh Páirtí na hÉireann sprioc an Rialtais Dúchais amach sa deireadh thiar thall. Mar fhreagairt, thosaigh Comhairle Aontachtaithe Uladh (UUC) feachtas láidir le cur in éadan rud ar bhaist siad "Rialtas na Róimhe" air. Cé gur leasú polaitiúil measartha beag a bhí sa Rialtas Dúchais, bhí imní ar aontachtaithe go gcaillfeadh siad a bpribhléidí eacnamaíocha agus sóisialta, a bhféiniúlacht mar chuid d'Impireacht na Breataine agus a saoirse creidimh.

Ba iad ceannairí an UUC Edward Carson agus James Craig. Cé gur i mBaile Átha Cliath a rugadh Carson, bhí an t-abhcóide seo ina cheann feadhna ar fhrithbheartaíocht Aontachtaithe Uladh in éadan an Rialtais Dúchais. Stocbhróicéir ó Bhéal Feirste agus iarshaighdiúir de chuid Chogadh na mBórach a bhí in Craig. Bhí ról tábhachtach aige ó thaobh eagrúcháin de. Páirtíocht láidir pholaitiúil a bhí sa bheirt cheannairí, agus d'fhorbair siad gluaiseacht láidir aontachtach le chéile a raibh a lán daoine ann as gach cúlra. Ba é an sprioc a bhí acu, cur ar Rialtas na Breataine an bille Rialtas Dúchais a tharraingt siar, nó má theip orthu sin a dhéanamh, iallach a chur air Cúige Uladh a fhágáil amach as an bhille. Chomh maith leis sin, d'oibrigh siad leis an Pháirtí Choimeádach (freasúra na Liobrálaithe) sa Bhreatain leis an rialtas Liobrálach a dhíbirt as cumhacht. Sa chás gur theip ar na straitéisí seo, bhí rún daingean ag Aontachtaithe Uladh modhanna foréigneacha a úsáid le cur i bhfeidhm an Rialtais Dúchais a chosc.

### FRITHBHEARTAÍOCHT NA nAONTACHTAITHE

Ba é Lá Uladh ar an 28 Meán Fómhair 1912 buaic fheachtas an UCC in éadan Rialtas Dúchais. D'eagraigh an UUC ollchruinniú i mBéal Feirste, áit a raibh Carson ar an chéad duine le 'Cúnant Uladh' (Conradh agus Cúnant Sollúnta) a shíniú. Shínigh an pobal an Cúnant fosta: ar fud Chúige Uladh, shínigh 237,368 fear an Cúnant, agus shínigh 234,046 bean an Dearbhú a bhí ann dóibhsean. Radharc iontach ó thaobh bolscaireachta a bhí ann, chomh maith le léiriú diongbháilte intinne: nuair a shínigh siad an Cúnant, gheall Ultaigh go gcuirfeadh siad in éadan Rialtas Dúchais agus d'fhógair siad go raibh "an ceart acu beart ar bith a dhéanamh, nó tacaíocht a thabhairt do bheart ar bith" le cur ina aghaidh.

Bhí an UUC gníomhach in éadan Rialtas Dúchais ar dhóigheanna eile fosta. Chuir siad rialtas sealadach ar bun a rinne ullmhúcháin le cumhacht a ghlacadh in Ulaidh dá rithfí Rialtas Dúchais. Chruthaigh siad fosta comhairle mhíleata le fórsa armtha frithbheartaíochta a thógáil. Cruthaíodh Óglaigh Uladh (UVF) in Eanáir, 1913, mar mhíliste saoránach. Chuaigh tuairim is 100,000 fear, trian d'fhir fhásta Phrotastúnacha in Ulaidh, isteach sa UVF.

Fuair an UVF tacaíocht fosta ó arm na Breataine agus ó chodanna eile de bhunaíocht na Breataine a bhí báúil lena gcúis. Sampla den scoth de sin ná **Ceannairc an Churraigh**i Márta 1914 nuair a dhiúltaigh baill d'arm na Breataine páirt a ghlacadh in aon ghníomh míleata in éadan an UVF.

## FREAGAIRT NA NÁISIÚNAITHE

Cé gur mheas a lán náisiúnaithe Éireannacha nach raibh i bhfrithbheartaíocht na nAontachtaithe Uladh ach cur i gcéill, thug bunú Óglaigh Uladh deis do náisiúnaithe, go háirithe do phoblachtaigh mhíleatacha, míliste sibhialta dá gcuid féin a bhunú, mar atá Óglaigh na hÉireann (the Irish Volunteers). Fuair Óglaigh na hÉireann a gcuid ball ó eagraíochtaí a bhí ann cheana amhail Conradh na Gaeilge, Ord Ársa na nIbeirneach, Sinn Féin agus Bráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB), dream a raibh tionchar láidir acu taobh istigh den fhórsa ar bhonn rúnda. I ndiaidh don UVF airm a thabhairt i dtír ag Latharna, ag Domhnach Daoi agus ag Beannchar, thug Óglaigh na hÉireann faoi ghunnaí a thabhairt i dtír lena mbaill a armáil, agus thug siad raidhfilí Gearmánacha i dtír ag Binn Éadair agus ag Cill Chomhghaill i samhradh 1914. Éacht poiblíochta a bhí san oibríocht, ach mharaigh saighdiúirí Briotanacha triúr sibhialtach i mBaile Átha Cliath dá barr.

Ar bhaill Óglaigh na hÉireann, bhí a lán tacadóirí measartha de chuid an Pháirtí Éireannaigh, chomh maith le mionlach níos radacaí a ghlacfadh páirt cúpla bliain ina dhiaidh seo in Éirí Amach na Cásca in éineacht le baill d'Arm Cathartha na hÉireann, de Chumann na mBan agus d'Fhianna Éireann. Bheadh ról tábhachtach ag Eoin MacNeill, ceannaire Óglaigh na hÉireann, sna heachtraí a raibh Seachtain na Cásca mar thoradh orthu.

# DEARCTHAÍ

1. "Ní cur i gcéill atá uaim, agus mura bhfuil Ultaigh sásta íobairtí móra a thuigeann siad go soiléir a dhéanamh, ní fiú faic an chaint ar an fhrithbheartaíocht."

**Sir Edward Carson i litir phríobháideach chuig Sir James Craig, an 29 Iúil 1911**

2. "Más ceadmhach dom é a rá go hurramach, tugaim féin buíochas do Dhia gur mhair mé leis an lá seo a fheiceáil. Creidim go mbeidh aontacht agus neart níos mó san Impireacht de thoradh (an Bhille seo.)"

**John Redmond ag labhairt le Teach na dTeachtaí ar thabhairt isteach an Tríú Bille Rialtas Dúchais ar an 11 Aibreán 1912**

3. "Ós rud é go bhfuil muid cinnte inár gcoinsias go mbeadh an Rialtas Dúchais tubaisteach do leas ábharach Uladh agus Éireann ar fad fosta, go mbeadh sé treascrach dár saoirse shibhialta agus creidimh, go ndéanfadh sé scrios ar ár saoránacht agus go mbeadh sé ina bhaol d'aontacht na hImpireachta, déanann muidne, a bhfuil ár n-ainmneacha scríofa síos ... gealltanas leis seo i gCúnant sollúnta tríd an tréimhse seo de thubaiste atá ag bagairt orainn go seasfaidh muid le chéile i leith cosaint dúinn féin agus dár gcuid páistí ár stádas ionúin mar chomhshaoránaigh sa RA agus i leith úsáid cibé dóigh a mheasfar is gá leis an chomhcheilg reatha Parlaimint Rialtais Dúchais a bhunú in Éirinn a threascairt."

**Cúnant Uladh, an 28 Meán Fómhair 1912**



teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

## CEISTEANNA

**1.** Mínigh an difear idir náisiúnachas bunreachtúil agus náisiúnachas réabhlóideach.

**2.** Mínigh spriocanna na dtrí fhórsa pholaitiúla – an IPP, an rialtas Liobrálach agus Aontachtaithe Uladh – a tháinig salach ar a chéile le géarchéim an Rialtais Dúchais a chruthú.

**3.** Cuir síos ar an dá chineál frithbheartaíochta a rinne na haontachtaithe in éadan Rialtas Dúchais. Cad é mar a bhí na cineálacha seo frithbheartaíochta éagsúil?

**4.** Pléigh an dóigh a ndearna géarchéim an Rialtais Dúchais an Náisiúnachas agus an tAontachas a radacú.

## GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 1:

Nuair a tharla críochdheighilt sa deireadh, cad chuige a ndearnadh Tuaisceart Éireann de 6 chontae i gCúige Uladh, dar leat?

## GNÍOMHAÍOCHT BREISE 2:

Samhlaigh gur Caitliceach thú atá ag obair sa longchlós i mBéal Feirste in 1912. Cad é a shíleann tú faoin fhéidearthacht go mbeadh Rialtas Dúchais ann? Cad é a shíleann tú faoi fhreagairt na n-aontachtaithe atá ina gcónaí in aon chathair leat? (1 pharagraf)

## TASC 1

Idir Acht an Aontais in 1800 agus Éirí Amach na Cásca in 1916 bhí Éire á crá ag fadhbanna sóisialta agus eacnamaíocha – ar na samplaí tá an Gorta Mór (1845-1851) agus 'Cogadh na Talún' (1879-1882). Bhí na fadhbanna seo, mar aon le roinnt tosca eile, ina gcúis le 'polaitiú' codanna móra de phobal na hÉireann. Ciallaíonn 'polaitiú' an próiseas trína n-éiríonn daoine feasach ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar a sochaí. Agus iad ag éirí polaitithe, tagann daoine ar thuairimí, pléann siad saincheisteanna agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí polaitiúla.

**I mbeirteanna, pléigí agus nótálaigí na tosca a thabharfadh oraibh éirí níos feasaí ar an tsochaí ina bhfuil sibh.**

**Cad é a spreagfadh suim níos mó sa pholaitíocht ionaibh?**

**Cad é a thabharfadh oraibh éirí níos feasaí ar shaincheisteanna sóisialta amhail coireacht, an geilleagar agus féiniúlacht?**

## TASC 2

De thoradh thabhairt isteach an Rialtais Dúchais in 1912, bhunaigh náisiúnaithe agus aontachtaithe mílístí saoránach (an UVF agus Óglaigh na hÉireann). Bunaíodh na mílístí sin lena stádas taobh istigh den RA/d'Éirinn a chosaint trí neart arm, dá mba ghá.

**I bpéirí, pléigí agus nótálaigí na fáthanna, dar libh, a raibh daoine sásta dul i muinín an fhoréigin in 1912 lena dtuairimí a chosaint.**

**Déan taighde ar ghníomhaíochtaí an UVF agus Óglaigh na hÉireann le gunnaí a thabhairt i dtír.**

## TASC MALARTACH

- **Déanfaidh na daltaí taighde i ngrúpaí ar an dóigh ar chuir aontachtaithe in éadan Rialtas Dúchais.**
- **Freagróidh na daltaí na ceisteanna ar an Tascleathán M4L1 a bhaineann le cur i gcoinne na n-aontachtaithe i leith Rialtas Dúchais (mar ghníomhaíocht bhreise, is féidir le daltaí cuntas gairid a scríobh ar an triúr pearsana polaitiúla fosta).**
- **I ndiaidh dóibh an taighde a chríochnú agus na ceisteanna ar an tascleathán a fhreagairt, déanfaidh dalta amháin ó gach grúpa na fáthanna a raibh aontachtaithe in éadan Rialtais Dúchais a tuairisciú agus cás a dhéanamh go raibh ábhar imní acu.**
- **Le plé a spreagadh, fiafraigh de na daltaí cén dóigh, dar leo, ar ullmhú don chríochdheighilt a bhí i gcur in éadan na n-aontachtaithe.**

## ÁISEANNA BREISE MOLTA

1) **http://www.bureauofmilitaryhistory.ie/** - Cuntais, doiciméid, íomhánna agus fuaim ó 1913-21

2) **http://www.proni.gov.uk/index/search_the_archives/ulster_covenant.htm** - Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann – faisnéis a bhaineann le cúlra, síniú agus iarmhairt Chúnant Uladh

3) **http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-17342745** - Rialtas Dúchais agus Cúnant Uladh

4) **http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-19677742** - Cúnant Uladh a Thuiscint


teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

## LIOSTAIGH NA FÁTHANNA AR CHUIR AONTACHTAITHE IN ÉADAN AN RIALTAIS DÚCHAIS IN 1912


## AN RAIBH ÚDAR AG AONTACHTAITHE EAGLA A BHEITH ORTHU GO DTIOCFADH RIALTAS DÚCHAIS ISTEACH IN 1912?

## CUNTAS GAIRID A THABHAIRT AR AN TRIÚR PEARSANA POLAITIÚLA SEO A LEANAS AGUS AN RÓL A BHÍ ACU I 'NGÉARCHÉIM AN RIALTAIS DÚCHAIS'.

| Seán Réamann | Edward Carson | James Craig |
|---|---|---|
| | | |

# TASCANNA DIGITEACHA

**TASC CRUTHAITHE GREANNÁIN**



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Cruthóidh daltaí leagan greannáin de Chúnant Uladh nó den Dearbhú.*** Cruthóidh daltaí greannán 2 leathanach ina mbeidh 8 n-íomhá/bpainéal ar a laghad agus boscaí fotheidil/bolgáin chainte. Ba chóir téacs an Chúnaint féin a bheith sna fotheidil agus sna bolgáin chainte. Déan taighde ar íomhánna agus faisnéis ón idirlíon le húsáid i do ghreannán. (De rogha air sin, is féidir leis an mhúinteoir íomhánna agus faisnéis a fháil roimh an cheacht)

## PLEAN

***Gheofar íomhánna agus faisnéis ón idirlíon agus dearfar iad ina scéalchlár.***

- Cuirfidh an múinteoir focail chuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna agus téacs atá fóirsteanach ón idirlíon – iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí íomhánna/téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad iad go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.
- Úsáidfidh na daltaí na híomhánna agus an fhaisnéis a fuair siad agus dearfaidh siad a ngreannán ar scéalchlár.

## DÉAN

***Úsáidfidh na daltaí íomhánna agus bolgáin chainte/boscaí fotheidil le faisnéis ó Chúnant/Dearbhú Uladh a léiriú. Úsáidfidh na daltaí 3 íomhá atá faighte acu ar a laghad. Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. JPEG) lena chríochnú.***

- Spreag na daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, méid agus bearradh na n-íomhánna, na dathanna a úsáidtear agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.


## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí amharc ar obair a chéile. Cuir an obair is fearr ar taispeáint ar an chlár bhán nó ligean do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú an ghreannáin a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.



teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories



# TASCANNA DIGITEACHA

TASC EAGAR-THÓIREACHT ÍOMHÁNNA



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Cruthóidh na daltaí bileog eolais A4 a mheallfadh Aontachtaithe Uladh le freastal ar 'Lá Uladh' Dé Sathairn, 28 Meán Fómhair, 1912.*** Déanfaidh na daltaí taighde agus gheobhaidh siad íomhánna ón idirlíon. Caithfidh siad 2 íomhá chartlainne ar a laghad a fháil agus dhá shliocht ar a laghad ó na doiciméid chartlainne agus/nó ó óráidí Carson.

## PLEAN

***Gheofar íomhánna agus faisnéis ón idirlíon agus dearfar iad ina sceitse.***

- Cuirfidh an múinteoir focail chuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna agus téacs atá fóirsteanach ón idirlíon – iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad. Abair leis na daltaí go bhfuil sé níos fearr íomhánna meánmhéide/móra a fháil.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí íomhánna/téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad iad go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

## DÉAN

***Iompórtálfaidh na daltaí an íomhá a fuair siad isteach sna bogearraí agus úsáidfidh siad na huirlisí datha/scagtha le maisíocht a chur leis an íomhá. Is féidir go n-úsáidfidh roinnt daltaí na huirlisí seo i gcomhar leis na huirlisí roghnúcháin le codanna den íomhá a aibhsiú. Ansin, úsáidfidh na daltaí an uirlis téacs leis an tsliocht/an fhaisnéis a fuair siad a chur isteach. Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. JPEG) lena chríochnú.***

- Spreag daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, na dathanna/stíl scagtha agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.

## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí amharc ar obair a chéile. Cuir an obair is fearr ar taispeáint ar an chlár bhán nó ligean do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú na híomhá a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

# TASCANNA DIGITEACHA

**TASC TIKI TOKI**



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Úsáidfidh na daltaí Tiki-Toki, bogearraí amlíne dhigiteach ar an ghréasán, le hamlíne a dhearadh a léiríodh na príomheachtraí a bhí ina gcúis le géarchéim an Rialtais Dúchais.*** Caithfidh 8 n-iontráil ar a laghad a bheith ar an amlíne agus íomhá chúlra. Dáta agus cur síos gairid ar an eachtra a bheidh i ngach iontráil.

## PLEAN

***Síneoidh daltaí le cuntas Tiki-Toki a fháil ó shuíomh Tiki-Toki: http://www.tiki-toki.com/. Ansin, gheobhaidh na daltaí faisnéis ón idirlíon le húsáid ina n-amlíne.***

- Cuirfidh an múinteoir téarmaí cuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheobhaidh siad faisnéis fhóirsteanach ón idirlíon – iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus ar oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad.
- Aimseoidh agus roghnóidh daltaí téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad é go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

## DÉAN

***Logálfaidh na daltaí isteach ar a gcuntas Tiki-Toki agus tosóidh siad ar a n-amlíne a chruthú. Úsáidfidh na daltaí an fhaisnéis a fuair siad agus cuirfidh siad 8 n-iontráil ar a laghad isteach ar a n-amlíne.***

Cuir i gcuimhne do dhaltaí a n-amlíne a shábháil agus iad ag dul ar aghaidh.

## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí amharc ar obair a chéile. Cuir an obair is fearr ar taispeáint ar an chlár bhán nó ligean do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú na hamlíne a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.



teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories